Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 29 Márta 2022
(OR. en)

6607/22

LIMITE

CORLX 172
CFSP/PESC 251
CONOP 9
CODUN 2
ATO 11

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena gcuirtear chun cinn líonra Eorpach na meithleacha machnaimh neamhspleácha i réimse an neamhleata agus na dí armála |

**CINNEADH (CBES) 2022/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena gcuirtear chun cinn líonra Eorpach**
**na meithleacha machnaimh neamhspleácha i réimse an neamhleata agus na dí-armála**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 28(1) agus 31(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 12 Nollaig 2003, ghlac an Chomhairle Eorpach Straitéis AE i gcoinne leathadh arm ollscriosta ('Straitéis AE i gcoinne leathadh arm ollscriosta'), ina bhfuil, i gCaibidil III, liosta de na bearta is gá a dhéanamh laistigh den Aontas agus i dtríú tíortha chun an leathadh sin a chomhrac.

(2) Tá Straitéis AE i gcoinne leathadh arm ollscriosta á cur chun feidhme go gníomhach ag an Aontas, agus tugann sé éifeacht do na bearta a liostaítear i gCaibidil III de, amhail na struchtúir is gá a fhorbairt laistigh den Aontas.

(3) An 8 Nollaig 2008, ghlac an Chomhairle a conclúidí agus doiciméad dar teideal *New lines for action by the European Union in combating the proliferation of weapons of mass destruction and their delivery systems* [Línte nua gníomhaíochta AE chun leathadh arm ollscriosta agus a gcóras seachadta a chomhrac] (na 'Línte Nua Gníomhaíochta'), ina luaitear go bhfuil leathadh arm ollscriosta ('AOS') ar cheann de na dúshláin slándála is mó go fóill, agus gur cuid bhunriachtanach den chomhbheartas eachtrach agus slándála (CBES) é an beartas um neamhleathadh.

(4) Sna Línte Nua Gníomhaíochta, iarrann an Chomhairle ar fhoirmíochtaí agus ar chomhlachtaí inniúla de chuid na Comhairle, ar an gCoimisiún, ar institiúidí eile agus ar na Ballstáit obair nithiúil leantach a dhéanamh, agus í ag eascairt as an doiciméad sin.

(5) Sna Línte Nua Gníomhaíochta, cuireann an Chomhairle i dtreis go bhféadfadh gníomhaíocht an Aontais chun an leathadh a chosc tairbhe a bhaint as an tacaíocht a chuireann líonra neamhrialtasach um neamhleathadh agus dí-armáil ar fáil, lena dtabharfaí le chéile institiúidí beartais eachtraigh agus ionaid taighde a bhfuil réimsí straitéiseacha an Aontais mar speisialtacht acu, agus ag an am céanna, a bheith ag tógáil ar líonraí úsáideacha atá ann cheana. D'fhéadfaí líonra den sórt sin a leathnú chuig institiúidí i dtríú tíortha.

(6) An 19 Samhain 2018, ghlac an Chomhairle straitéis AE i gcoinne airm thine, mionairm agus armáin éadroma aindleathacha agus a n-armlón dar teideal '*Securing arms, protecting citizens*' [Airm a dhaingniú, saoránaigh a chosaint] ('Straitéis SALW AE'). Cuireadh Straitéis SALW AE in ionad Straitéis AE chun carnadh agus gáinneáil aindleathach SALW agus a n-armlón a chomhrac, a glacadh in 2005. Tá SALW aindleathacha ag cur go fóill leis an éagobhsaíocht agus leis an bhforéigean san Aontas, ar a thairseach agus sa chuid eile den domhan. Tá mionairm aindleathacha ag cur leis an bhforéigean armtha, mar aon leis an gcoireacht eagraithe, leis an sceimhlitheoireacht agus coinbhleachtaí domhanda agus tá siad ina mbac ar an bhforbairt inbhuanaithe agus ar na hiarrachtaí bainistithe géarchéime. Tá réigiúin iomlána, mar aon le Stáit agus a sochaithe á ndíchobhsú ag mionairm aindleathacha agus tionchar na n-ionsaithe sceimhlitheoireachta á mhéadú acu. Sin é an fáth a bhfuil an Chomhairle tiomanta trádáil aindleathach i mionairm agus armáin éadroma gona n-armlón a chosc agus a shrianadh agus an fáth a bhfuil an chuntasacht agus an fhreagracht maidir lena dtrádáil dhlíthiúil á gcur chun cinn aici. Cuirtear an comhthéacs slándála forbartha, lena n-áirítear bagairt na sceimhlitheoireachta laistigh den Aontas agus na forbairtí i ndearadh SALW agus na teicneolaíochtaí lena mbaineann, a dhéanann difear do chumas rialtas aghaidh a thabhairt ar an mbagairt, san áireamh i Straitéis SALW AE. Anuas air sin, cuireann sí san áireamh treoirphrionsabail Straitéis Dhomhanda AE 2016.

(7) An 26 Iúil 2010, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2010/430/CBES[1], lenar bunaíodh líonra Eorpach na meithleacha machnaimh neamhspleácha i réimse an neamhleata agus na dí-armála, agus sin ar choinníoll go mbeidh cur chun feidhme teicniúil an Chinnidh sin le cur i gcrích ag Cuibhreannas AE maidir le Neamhleathadh agus Dí-armáil (an 'Cuibhreannas').

(8) Tá údar leis an gCuibhreannas a roghnú mar thairbhí aonair deontais sa chás seo mar gheall ar thoil an Aontais, arna thacú ag na Ballstáit, leanúint dá chomhar torthúil le líonra Eorpach na meithleacha machnaimh neamhspleácha i réimse an neamhleata agus na dí-armála, lena gcuirtear le cultúr coiteann Eorpach a chruthú maidir le neamhleathadh agus dí-armáil, chomh maith le cabhrú leis an Aontas a bheartais a fhorbairt agus a mhúnlú sna réimsí sin agus infheictheacht an Aontais a mhéadú. Fágann nádúr an Chuibhreannais, rud atá ann mar gheall ar an Aontas agus atá ag brath go hiomlán ar thacaíocht ón Aontas, go bhfuil gá le maoiniú 100 % sa chás seo. Níl aon acmhainní airgeadais neamhspleácha ná údarás dlíthiúil ag an gCuibhreannas chun cistí eile a thiomsú. Ina theannta sin, tá líonra, arna bhainistiú ag sé mheitheal machnaimh bunaithe ag an gCuibhreannas, lena dtugtar le chéile breis agus 100 meitheal machnaimh, ionad taighde agus roinn ollscoile, ina gcuimsítear beagnach an saineolas neamhrialtasach ar fad maidir le neamhleathadh agus dí-armáil san Aontas, lena n-áirítear eintitis sna Ballstáit uile.

[1] Cinneadh 2010/430/CBES ón gComhairle an 26 Iúil 2010 lena mbunaítear gréasán Eorpach um meithleacha machnaimh neamhspleácha um neamhleathadh chun tacú le cur chun feidhme Straitéis AE i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta (IO L 202, 4.8.2010, lch. 5).

(9) An 10 Márta 2014, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2014/129/CBES[1], lenar cuireadh síneadh 3 bliana le cur chun cinn agus tacaíocht airgeadais leanúnach an Aontais do ghníomhaíochtaí líonra Eorpach na meithleacha machnaimh neamhspleácha i réimse an neamhleata agus na dí-armála, agus lena gcuirtear de chúram ar an gCuibhreannas an Cinneadh sin a chur chun feidhme go teicniúil.

(10) An 3 Aibreán 2017, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2017/632[2], lenar foráladh do shíneadh a chur le tréimhse Chinneadh 2014/129/CBES chun go bhféadfar leanúint de na gníomhaíochtaí a chur chun feidhme go dtí an 2 Iúil 2017.

---

[1] Cinneadh 2014/129/CBES ón gComhairle an 10 Márta 2014 lena gcuirtear chun cinn líonra Eorpach na meithleacha machnaimh neamhspleácha i réimse an neamhleata agus na dí-armála chun tacú le cur chun feidhme Straitéis AE i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta (IO L 71, 12.3.2014, lch. 3).

[2] Cinneadh (CBES) 2017/632 ón gComhairle an 3 Aibreán 2017 lena leasaítear Cinneadh 2014/129/CBES, lena gcuirtear chun cinn líonra Eorpach na meithleacha machnaimh neamhspleácha i réimse an neamhleata agus na dí-armála chun tacú le cur chun feidhme Straitéis AE i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta (IO L 90, 4.4.2017, lch. 10).

(11) An 4 Iúil 2017, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2017/1195[1], lena gcuirtear síneadh le tréimhse cur chun feidhme Chinneadh 2014/129/CBES ón 3 Iúil go dtí an 31 Nollaig 2017 chun go bhféadfar comhdháil mhór bhliantúil amháin a eagrú in 2017 maidir le neamhleathadh agus dí-armáil, agus chun leanúint de chothabháil agus de nuashonrú ardán idirlín an Chuibhreannais.

(12) An 26 Feabhra 2018, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2018/299[2], lenar cuireadh síneadh 3 bliana le cur chun cinn agus tacaíocht airgeadais leanúnach an Aontais do ghníomhaíochtaí líonra Eorpach na meithleacha machnaimh neamhspleácha i réimse an neamhleata agus na dí-armála, agus lenar cuireadh de chúram ar an gCuibhreannas an Cinneadh sin a chur chun feidhme go teicniúil.

---

[1] Cinneadh (CBES) 2017/1195 ón gComhairle an 4 Iúil 2017 lena leasaítear Cinneadh 2014/129/CBES, lena gcuirtear chun cinn líonra Eorpach na meithleacha machnaimh neamhspleácha i réimse an neamhleata agus na dí-armála chun tacú le cur chun feidhme Straitéis AE i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta (IO L 172, 5.7.2017, lch. 14).

[2] Cinneadh (CBES) 2018/299 ón gComhairle an 26 Feabhra 2018 lena gcuirtear chun cinn líonra Eorpach na meithleacha machnaimh neamhspleácha i réimse an neamhleata agus na dí-armála chun tacú le cur chun feidhme Straitéis AE i gcoinne leathadh arm ollscriosta (IO L 56, 28.2.2018, lch. 46).

(13) An 16 Aibreán 2021, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2021/648[1], lena gcuirtear síneadh le tréimhse cur chun feidhme Chinneadh (CBES) 2018/299 go dtí an 17 Bealtaine 2022 mar gheall ar dhúshláin chur chun feidhme a eascraíonn as paindéim leanúnach COVID-19,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

[1] Cinneadh (CBES) 2021/648 ón gComhairle an 16 Aibreán 2021 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2018/299 lena gcuirtear chun cinn líonra Eorpach na meithleacha machnaimh neamhspleácha i réimse an neamhleata agus na dí-armála chun tacú le cur chun feidhme Straitéis AE i gcoinne leathadh arm ollscriosta (IO L 133, 20.4.2021, lch. 57).

*Airteagal 1*

1. Chun críocha rannchuidiú le cur chun feidhme feabhsaithe Straitéis AE i gcoinne leathadh arm ollscriosta agus Straitéis SALW AE, atá bunaithe ar phrionsabail an iltaobhachais éifeachtaigh, an choisc agus an chomhair le tríú tíortha, leathnaítear leis seo cur chun cinn leanúnach agus tacaíocht leanúnach do ghníomhaíochtaí líonra Eorpach na meithleacha machnaimh neamhspleácha i réimse an neamhleata agus na dí-armála chun na cuspóirí seo a leanas a bhaint amach:

   (a) idirphlé polaitiúil agus idirphlé a bhaineann leis an tslándáil agus plé fadtéarmach a spreagadh maidir le bearta chun leathadh AOS agus a gcórais seachadta laistigh de shochaithe sibhialta a chomhrac agus, go háirithe, i measc saineolaithe, taighdeoirí agus lucht acadúil;

   (b) deis a thabhairt dóibh siúd atá rannpháirteach i gcomhlachtaí ábhartha ullmhúcháin na Comhairle dul i gcomhairle leis an líonra maidir le saincheisteanna a bhaineann le neamhleathadh, dí-armáil agus rialú onnmhairithe arm, agus le cur ar chumas ionadaithe na mBallstát páirt a ghlacadh i gcruinnithe an Chuibhreannais;

(c) bheith ina gcloch chora úsáideach do ghníomhaíocht neamhleata agus dí-armála an Aontais agus an chomhphobail idirnáisiúnta, go háirithe trí thuarascálacha agus/nó moltaí a chur ar fáil d'ionadaithe Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála (an 'tArdionadaí');

(d) rannchuidiú le feabhas a chur ar fheasacht na dtríú tíortha ar dhúshláin maidir le leathadh agus dí-armáil, agus ar an ngá atá le hoibriú i gcomhar leis an Aontas agus i gcomhthéacs na bhfóram iltaobhach, go háirithe na Náisiúin Aontaithe, chun cláir um leathadh ar ábhair imní ar fud an domhain iad a chosc, a dhíspreagadh, a stopadh agus, i gcás inar féidir, a dhíothú;

(e) rannchuidiú le saineolas agus le cumas institiúideach a fhorbairt i gcúrsaí neamhleata agus dí-armála i meithleacha machnaimh agus i rialtais san Aontas agus i dtríú tíortha, lena n-áirítear trí oideachas ar neamhleathadh agus ar dhí-armáil a neartú, feasacht ar na saincheisteanna sin a mhúscailt i measc an aosa óig agus an chéad ghlúin eile de thaighdeoirí agus de chleachtóirí sa réimse sin a chur chun cinn, go háirithe mná, agus sna heolaíochtaí nádúrtha agus teicniúla.

2. Beidh na gníomhaíochtaí sonracha seo a leanas san áireamh sna tionscadail a gheobhaidh tacaíocht ón Aontas:

(a) acmhainní a chur ar fáil chun mór-chomhdhálacha bliantúla a thionól le tríú tíortha agus leis an tsochaí shibhialta maidir le neamhleathadh agus dí-armáil chun plé agus sainaithint a dhéanamh ar bhearta breise chun leathadh AOS agus a gcórais seachadta a chomhrac, chomh maith le cuspóirí dí-armála idirghaolmhara, agus chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann le hairm thraidisiúnta, lena n-áirítear cur i gcoinne na trádála aindleathaí agus carnadh iomarcach SALW agus a n-armlón. Leis na comhdhálacha sin, cuirfear chun cinn go hidirnáisiúnta Straitéis AE i gcoinne leathadh arm ollscriosta agus Straitéis SALW AE, agus an ról, sa réimse sin, atá ag institiúidí agus meithleacha machnaimh an Aontais, d'fhonn infheictheacht bheartais an Aontais sa réimse sin a mhéadú, agus tuarascálacha agus/nó moltaí a chur faoi bhráid ionadaithe an Ardionadaí;

(b) acmhainní a chur ar fáil chun cruinnithe comhairleacha bliantúla a eagrú idir ionadaithe institiúidí an Aontais, ionadaithe na mBallstát agus saineolaithe chun tuairimí a mhalartú maidir le saincheisteanna móra agus forbairtí criticiúla i réimse na dí-armála, an neamhleata agus an rialaithe ar onnmhairiú arm d'fhonn tuarascálacha agus/nó moltaí a chur faoi bhráid ionadaithe an Ardionadaí;

(c) acmhainní a chur ar fáil chun seimineáir ad-hoc a eagrú do shaineolaithe agus do chleachtóirí maidir le raon iomlán na saincheisteanna maidir le neamhleathadh agus dí-armáil, lena gcumhdófaí idir airm neamhghnácha agus ghnáthairm, d'fhonn tuarascálacha agus/nó moltaí a chur faoi bhráid ionadaithe an Ardionadaí;

(d) acmhainní a chur ar fáil chun páipéir bheartais a ullmhú agus a fhoilsiú lena gcumhdófar topaicí faoi shainordú an Chuibhreannais agus chun roghanna beartais polaitiúla agus/nó oibríochtúla a chur chun cinn;

(e) acmhainní a chur ar fáil do mhúscailt feasachta leanúnach, agus d'oideachas agus forbairt saineolais agus cumais institiúidigh leanúnach i réimse an neamhleata agus na dí-armála i meithleacha machnaimh agus i rialtais san Aontas, agus i dtríú tíortha, tríd an méid seo a leanas:

– cúrsa ríomhfhoghlama lena gcumhdófar gach gné ábhartha den neamhleathadh agus den dí-armáil a chothabháil agus a fhorbairt a thuilleadh,

– intéirneachtaí um neamhleathadh agus dí-armáil a bhunú do mhic léinn iarchéime nó do thaidhleoirí óga ón Aontas agus ó thríú tíortha,

– leanúint de 'Young Women and Next Generation Initiative' agus den Chlár Meantóireachta,

– cuairteanna staidéir bliantúla sa Bhruiséil a eagrú do rannpháirtithe i gClár Comhaltachtaí na Náisiún Aontaithe maidir le Dí-Armáil chun infheictheacht bheartais an Aontais i réimse an neamhleata, na dí-armála agus an rialaithe ar onnmhairiú arm a chur chun cinn agus a mhéadú,

– cúrsa oiliúna a eagrú chun feasacht a mhúscailte ar rioscaí an leata, lena n-áirítear iad siúd a eascraíonn as forbairtí san eolaíocht agus sa teicneolaíocht, i measc mhic léinn na n-eolaíochtaí nádúrtha;

(f) acmhainní a chur ar fáil chun ardán idirlín agus cuntais líonraí sóisialta gaolmhara a chothabháil, a bhainistiú agus a fhorbairt a thuilleadh chun teagmhálacha a éascú, fóram uathúil a chur ar fáil don taighde Eorpach ar dhí-armáil agus neamhleathadh, líonra Eorpach na meithleacha machnaimh neamhspleácha i réimse an neamhleata agus na dí-armála a chur chun cinn, teagmháil a dhéanamh leis an bpobal domhanda i réimse an neamhleata agus na dí-armála, agus tairiscintí oideachais an Chuibhreannais i ndáil le cúrsaí oiliúna ar an láthair agus ríomhfhoghlaim araon a chur chun cinn.Leagtar síos tuairisc mhionsonraithe ar na tuarascálacha san Iarscríbhinn.

*Airteagal 2*

1. Beidh an tArdionadaí freagrach as an gCinneadh seo a chur chun feidhme.

2. Is é an Cuibhreannas a dhéanfaidh cur chun feidhme teicniúil na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1(2), eagraíocht ina gcuimsítear an Fondation pour la recherche stratégique (FRS), an Institiúid um Thaighde ar an tSíocháin in Frankfurt (HSFK/PRIF), Institiúid Idirnáisiúnta na hEorpa um Staidéar Straitéiseach (IISS-Europe), Institiúid Idirnáisiúnta Stócólm um Thaighde ar an tSíocháin (SIPRI), an Institiúid Gnóthaí Idirnáisiúnta (IAI) sa Róimh agus Ionad Vín um Dhí-Armáil agus um Neamhleathadh (VCDNP). Déanfaidh an Cuibhreannas an cúram seo a chomhlíonadh faoi fhreagracht an Ardionadaí. Chun na críche sin, déanfaidh an tArdionadaí na socruithe is gá leis an gCuibhreannas.

3. Molfaidh na Ballstáit agus an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí tosaíochtaí agus ábhair shainleasa le measúnú i gcláir thaighde an Chuibhreannais, a ndíreofar orthu i ndoiciméid oibre agus i seimineáir, i gcomhréir le beartais an Aontais.

*Airteagal 3*

1. Is é EUR 4 700 000 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais chun na tionscadail lena gcumhdaítear na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1(2) a chur chun feidhme.

2. Déanfar an caiteachas arna mhaoiniú leis an méid a leagtar amach i mír 1 a bhainistiú i gcomhréir leis na nósanna imeachta agus na rialacha is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais.

3. Déanfaidh an Coimisiún maoirseacht ar bhainistiú cuí an chaiteachais dá dtagraítear i mír 1. Chuige sin, tabharfaidh sé comhaontú maoiniúcháin i gcrích leis an gCuibhreannas. Sonróidh an comhaontú go bhfuil an Cuibhreannas chun infheictheacht ranníocaíocht an Aontais, atá iomchuí lena méid, a áirithiú.

4. Déanfaidh an Coimisiún iarracht an comhaontú dá dtagraítear i mír 3 a thabhairt i gcrích a luaithe is féidir tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo. Cuirfidh sé an Chomhairle ar an eolas maidir le haon deacrachtaí sa phróiseas sin agus maidir leis an dáta a thabharfar an comhaontú i gcrích.

*Airteagal 4*

1. Tuairisceoidh an tArdionadaí don Chomhairle maidir le cur chun feidhme an Chinnidh seo ar bhonn tuarascálacha tráthrialta arna n-ullmhú ag an gCuibhreannas. Beidh na tuarascálacha sin mar bhonn don mheastóireacht a dhéanfaidh an Chomhairle.

2. Tuairisceoidh an Coimisiún ar ghnéithe airgeadais na dtionscadal dá dtagraítear in Airteagal 1(2).

*Airteagal 5*

1. Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

2. Rachaidh an Cinneadh seo in éag 36 mí tar éis an dáta a thabharfar an comhaontú dá dtagraítear in Airteagal 3(3) i gcrích. Rachaidh sé in éag 6 mhí tar éis a theacht i bhfeidhm, áfach, mura mbeidh an comhaontú sin tugtha i gcrích faoin tréimhse sin.

Arna dhéanamh i/in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

# IARSCRÍBHINN

[…]